# Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Ardteistiméireacht 2023

# Scéim Marcála

# Ríomheolaíocht

# Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do dhaltaí ar úsáid scéimeanna marcála foilsithe**

Níl sé i gceist go mbeidh scéimeanna marcála atá foilsithe ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit ina ndoiciméid aonair. Is acmhainn riachtanach iad le haghaidh scrúdaitheoirí a gcuirtear oiliúint orthu maidir le léirmhíniú ceart a fháil ar an scéim agus cur i bhfeidhm ceart na scéime. Is éard atá i gceist leis an oiliúint seo, i measc nithe eile, samplaí marcála obair daltaí agus na marcanna a bhronntar a phlé, chun cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Ina dhiaidh sin déanann na Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na gceartaitheoirí chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach agus cruinn na scéime marcála a chinntiú. Déanann an Príomhscrúdaitheoir maoirseacht ar an bpróiseas seo, le cabhair ó Phríomhscrúdaitheoir Comhairleach de ghnáth. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh maidir le cé acu ar cuireadh an scéim marcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa oibre iarrthóra nó nár cuireadh.

Is dréachtdhoiciméid iad scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim marcála roimh an scrúdú, ní chuirtear an scéim i gcrích go dtí go gcuireann ceartaitheoirí i bhfeidhm í ar obair iarrthóirí agus go mbailítear an t-aiseolas ó na ceartaitheoirí go léir agus go ndéantar é a mheas i bhfianaise réimse iomlán fhreagraí na n-iarrthóirí, leibhéal iomlán deacrachta an scrúdaithe agus an gá le comhsheasmhacht a chaomhnú ó thaobh caighdeáin de ó bhliain go bliain. Tá an scéim deiridh ar fáil sa doiciméad foilsithe sin, de réir mar a cuireadh i bhfeidhm í ar obair na n-iarrthóirí go léir.

I gcás scéimeanna marcála a chuimsíonn réitigh shamplacha nó freagraí samplacha, is fiú a thabhairt faoi deara nach bhfuil sé i gceist go mbeidh siad uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go mbeadh malairtí leagain agus leaganacha difriúla inghlactha. Ní mór do cheartaitheoirí gach freagra a mheas de réir a bhfiúntais, agus moltar dóibh dul i gcomhairle lena gCeartaitheoirí Comhairleacha i gcás amhrais.

**Scéimeanna Marcála sa Todhchaí**

Ba chóir aon tuairimí faoi scéimeanna marcála sa todhchaí bunaithe ar scéimeanna ón am atá thart a sheachaint. Cé go bhfuil na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, d'fhéadfadh sé go mbeadh athrú ar na sonraí a bhaineann le marcáil cineál faoi leith ceiste i bhfianaise fheidhm na ceiste sin sa scrúdú trí chéile in aon bhliain ar leith. Tá an fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir in aon bhliain ar leith cinneadh a dhéanamh ar conas is fearr a chinntiú go mbeidh measúnú cóir agus cruinn ar obair iarrthóirí agus chun a chinntiú go mbeidh comhsheasmhacht ann maidir le caighdeán an mheasúnaithe ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh athrú ar ghnéithe den struchtúr, mionsonraí agus cur i bhfeidhm na scéime marcála maidir le scrúdú faoi leith ó bhliain amháin go bliain eile gan fógra.

## Scéim Mharcála – Roinn C

**Struchtúr na scéime marcála do Roinn C (Ríomhchlárúchán)**

Marcálfar freagraí ó iarrthóirí de réir scálaí éagsúla, ag brath ar na cineálacha freagartha a bhfuiltear ag súil leo. Roinneann scálaí lipéadaithe B freagraí iarrthóirí ina gceithre chatagóir (freagra ceart, freagra beagnach ceart, freagairt ceart i bpáirt, agus freagra gan fiúntas suntasach), agus mar sin de. Déantar achoimre sa tábla seo ar na scálaí agus ar na marcanna a ghineann siad:

| Lipéad an Scála | A | B | C |
|---|---|---|---|
| Líon catagóirí | 3 | 4 | 5 |
| **Scála 5 mharc** | 0, 2, 5 | 0, 2, 3, 5 | |
| **Scála 10 marc** | | 0, 5, 8, 10 | 0, 3, 5, 7, 10 |
| **Scála 15 mharc** | | 0, 5, 10, 15 | |

Tugtar tuairisceoir ginearálta ar gach pointe ar gach scála thíos. Tugtar treoracha níos sonraí sa scéim maidir le ciall a bhaint as na scálaí i gcomhthéacs gach ceist, de réir mar is gá.

Scálaí marcála – tuairisceoirí na leibhéal
Scálaí-A (3 chatagóir)

- Freagra gan aon tuillteanas substainiúil
- Freagra le roinnt tuillteanais
- An freagra ceart

Scálaí B (4 chatagóir)

- Freagra gan aon tuillteanas substainiúil
- Freagra le roinnt tuillteanais
- Beagnach an freagra ceart
- An freagra ceart

Scálaí C (5 chatagóir)

- Freagra gan aon tuillteanas substainiúil
- Freagra le roinnt tuillteanais
- Freagra thart ar leathcheart
- Beagnach an freagra ceart
- An freagra ceart

## *Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

**Tábla 210 @ 5%**
Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 210 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 5% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 157 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 158 - 163 | 7 |
| 164 - 170 | 6 |
| 171 - 176 | 5 |
| 177 - 183 | 4 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 184 - 190 | 3 |
| 191 - 196 | 2 |
| 197 - 203 | 1 |
| 204 - 210 | 0 |

## Roinn A — Ceisteanna Gearrfhreagra — 54 mharc

Freagair **naoi** gceist ar bith.

**Ceist 1** **6 mharc**

| Colún A<br>Ráiteas prionta | Colún B<br>True nó False |
|---|---|
| `print(a == b)` | `False` |
| `print(b != a)` | `True` |
| `print(a > b)` | `True` |
| `print(b <= a)` | `True` |
| `print(a == 10)` | `False` |
| `print(b != 21)` | `True` |

Gach mír cheart 1 mharc

**Ceist 2** **4 + 2 mharc**

**(a)**

- **D'fhéadfadh a lán feidhmeanna a bheith ag ríomhairí ilfhóinteacha, tá feidhmeanna teoranta nó ar leith ag córais leabaithe**
- **Is féidir leat ríomhairí ilfhóinteacha a ath-ríomhchlárú go héasca, ní féidir leat córais leabaithe a uasghrádú go héasca**
- **Go ginearálta, bíonn ríomhairí ilfhóinteacha níos costasaí, bíonn córais leabaithe saor i gcomparáid**

Cur síos maith – tuiscint shoiléir léirithe 4 mharc
Cur síos measartha - tuiscint theoranta 2 mharc

**(b)**

- **Féadfaidh samplaí de Chórais Leabaithe a bheith aon ghléas digiteach a cruthaíodh le haghaidh tascanna ar leith – ina measc iad seo tá fearais teaghlach cosúil le meaisíní níochán, miasniteoirí, srl.**
- **Ná glac le Micro:bit, Raspberry Pi mar shamplaí bailí.**

Sampla bailí 2 mharc

**Ceist 3** **6 mharc**


Sampla Súdachóide

```
ionchur uimh1
ionchur uimh2
ionchur uimh3

meán = (uimh1 + uimh2 + uimh3) /3

meán prionta
```

Sampla Sreabhchairte




Is féidir le hiarrthóirí súdachóid nó sreabhchairt a úsáid, chomh fada agus is féidir leat an próiseas a leanúint/a thuiscint.

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Iarracht le huimhir/uimhreacha a ionchur | 1 mharc | **NÓ** | 3 uimhir ar leith ionchurtha | 2 mharc |
| Iarracht meán a ríomh | 1 mharc | **NÓ** | meán ríofa i gceart | 2 mharc |
| Meán prionta / aschuir | 1 mharc | | | |
| Na céimeanna uilig in ord loighciúil1 mharc | | | | |

**Ceist 4** **6 mharc**

**14/2 = 7 Fuílleach 0**
**7/2 = 3 Fuílleach 1**
**3/2 = 1 Fuílleach 1**
**1/2 = 0 Fuílleach 1**

**Freagra: 1110**

NÓ

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **14 =** | **8** | **+** | **4** | **+** | **2** | **+** | **0** |
| | **1** | | **1** | | **1** | | **0** |

**Freagra: 1110**

| | |
|---|---|
| Freagra ceart | 6 mharc |
| Coinbhéartú leath-cheart | 4 mharc |
| Aon choinbhéartú bailí | 2 mharc |

**Ceist 5** **6 mharc**

- **D'fhéadfaí aithint patrún rothair a úsáid chun tréithe coitianta a aithint de rothar cosúil le cruth, 2 roth, hanlaí.**
- **D'fhéadfaí aithint patrún daoine a úsáid chun tréithe coitianta a aithint de dhuine cosúil le cruth, 2 chos, 2 lámh, airde.**
- **D'fhéadfaí aithint patrún cairr a úsáid chun tréithe coitianta de charr a aithint cosúil le cruth, 4 roth, luas gluaiseachta.**
- **Is féidir samplaí agus mínithe ábhartha eile a úsáid – ní hamháin cad a thaispeántar i bhFíor 1. M.sh. Aghaidh-aithint ar fhóin phóca, méarlorg-aithint ar scanóirí méarloirg.**

Sampla bailí agus cur síos an-mhaith 6 mharc
Sampla bailí agus cur síos réasúnta 4 mharc
Sampla bailí **NÓ** cur síos réasúnta 2 mharc

**Ceist 6** **6 mharc**

| **Colún A**<br>**Cur síos Athraitheach** | **Colún B**<br>**Cineál Sonraí** |
|---|---|
| Ainm an Bhaill | **Teaghrán** |
| Aois an Bhaill | **Slánuimhir** |
| An Méid a Íocadh | **Snámhphointe** |
| Na Laethanta is mó Éileamh ar Chuairt | **Liosta** |
| Ionduchtúchán déanta ag an mBall – Tá/Níl | **Boole:** |

An chéad mhír ceart 2 mharc
Míreanna cearta sa bhreis 1 mharc

**Ceist 7** **6 mharc**

- **Sonraí agus treoracha a phróiseáil agus an chuid eile den ríomhchóras a rialú**
- **Déantar comparáid idir an CPU le hinchinn an ríomhaire go rialta agus mar sin pléann sé leis na hionchuir, próisis agus aschuir ar fad de ríomhchóras**
- **Próiseálann an CPU leis na sonraí uilig ar ríomhchóras agus déanann sé an ciogal gabh, díchódaigh, rith**

Míniú an-mhaith – tuiscint shoiléir léirithe 6 mharc
Míniú maith - faisnéis shoiléir, níl lántuiscint léirithe 4 mharc
Míniú measartha - tuiscint theoranta 2 mharc

**Ceist 8** **2+4 mharc**

**(a)**

**Dara**

Freagra ceart 2 mharc

**(b)**

- **Féachann cuardach dénártha ar an mír lárnach de liosta & déanann sé seiceáil más é sin an mír atá á lorg aige. Muna bhfaightear an mhír, roinneann sé an liosta ina dhá leath, é sin le rá go bhfuil níos lú míreanna le cuardach. Déantar an próiseas seo arís is arís go dtí go bhfaightear mír nó nach bhfuil aon rud fágtha le cuardach.**
- **Oibríonn cuardach dénártha tríd an liosta a roinnt ina dhá leath, ag fáil réidh le leath amháin agus ag sárú na leithe eile tríd an próiseas seo a dhéanamh arís.**

Míniú maith – tuiscint shoiléir léirithe 4 mharc
Míniú measartha - tuiscint theoranta 2 mharc

**Ceist 9** **6 mharc**

| Colún A<br>Sampla de Shonraí | Colún B<br>Scoite nó Leanúnach |
|---|---|
| Líon na n-imreoirí i scuad peile | **Scoite** |
| Líon na ndaltaí i rang | **Scoite** |
| Luas bus scoile | **Leanúnach** |
| Teocht seomra ranga | **Leanúnach** |
| Líon na laethanta báistí i mí an Mhárta | **Scoite** |
| Meáchan bosca | **Leanúnach** |

Gach mír cheart 1 mharc

**Ceist 10** **6 mharc**

Comhlánaigh an tábla fírinne don gheata loighce OR, a thaispeántar thíos i bh**Fíor 3**.

| A | B | amach (A OR B) |
|---|---|---|
| 0 | 0 | **0** |
| 0 | 1 | **1** |
| 1 | 0 | **1** |
| 1 | 1 | **1** |

**Glac le False (do 0) agus True (do 1); Ná glac le A nó B mar fhreagra bailí**

| | |
|---|---|
| 1 freagra ceart | 2 mharc |
| 2 fhreagra ceart | 3 mharc |
| 3 fhreagra ceart | 4 mharc |
| Na freagraí go léir ceart | 6 mharc |

**Ceist 11** **2+2+2mharc**

**(a)**

**Gan a Bheith Grádaithe**

Freagra ceart 2 mharc

**(b)**

**Gradam**

Freagra ceart 2 mharc

**(c)**

- **Coinbhéartaíonn sé an téacs curtha isteach go slánuimhir**
- **Cinntíonn sé go mbeidh an cineál sonraí den chéatadán athróige ina shlánuimhir**

| | |
|---|---|
| Míniú maith – tuiscint shoiléir léirithe | 2 mharc |
| Míniú measartha - tuiscint theoranta | 1 mharc |

**Ceist 12** **6 mharc**

- **Méarchlár Braille - ligeann sé don úsáideoir clóscríobh agus téacs nó treoracha a chur isteach in Braille**
- **Léitheoir scáileáin - bogearraí a ligeann do dhaoine le dian-lagú radhairc ríomhaire a úsáid.**
- **Formhéadaitheoir scáileáin - bogearraí a mhéadaíonn an t-ábhar ar an scáileán chun freastal ar lagú radhairc.**
- **Súigh-agus-séid - gléas a ligeann d'úsáideoirí orduithe a iontráil i ríomhchóras trí bhéal**
- **Glac le haon samplaí agus mínithe ábhartha eile cosúil le,**
    - **Monatóirí móra.**
    - **Cineálacha méarchlár agus luch eile (m.sh. méarchláir scáileán, méarchlár le hathruithe, srl.).**
    - **Uirlisí inrochtaineachta tiomsaithe isteach in OS coitianta, brabhsálaithe agus bogearraí feidhme (m.sh. bogearraí le dathanna ar an scáileán a athrú, tréithe an chló, feidhmeanna formhéadaithe, scagairí méarchláir, srl.).**
    - **Ríomhairí le haschur gutha.**
    - **Bogearraí Tuartha focal.**
    - **Gléasanna pointeála/ionchuir athleasaithe (m.sh. gléasanna gothaí, gléasanna rianaithe na súl, gléasanna pointeála smige srl.).**
    - **Fleasca agus méaróga.**
    - **Luamháin stiúrtha.**
    - **Rianliathróidí.**
    - **Scáileáin tadhall.**
    - **Seiceálaí litrithe**

Do gach sampla:

| | |
|---|---|
| Sampla bailí | 1 mharc |
| | |
| Míniú maith – tuiscint shoiléir léirithe | 2 mharc |
| Míniú measartha - tuiscint theoranta | 1 mharc |

| **Roinn B** | **Ceisteanna Fada** | **76 marc** |
|---|---|---|

Freagair **dhá** cheist ar bith.

**Ceist 13** **38 (14, 12, 12) marc**

**(a)** **14 (4, 10) marc**

**(i)** **4(1,1,1,1) marc**

| Colún A<br>Sainmhíniú | Colún B<br>Téarma |
|---|---|
| Struchtúr sonraí inar féidir cnuasach míreanna den chineál sonraí céanna, a stóráil | **Eagar** |
| Carachtar a sheasann do ghníomh matamaiticiúil nó loighciúil | **Oibreoir** |
| Ordú le haghaidh cinneadh a láimhseáil | **Coinníollach** |
| Suíomh sa chuimhne inar féidir luach a stóráil | **Athraitheach** |

Gach mír cheart 1 mharc

**(ii)** **10 (2,2,2,2,2) marc**

| | `i` | `j` | `while i < j` | `print(i)` |
|---|---|---|---|---|
| **1** | `1` | `10` | `True` | `1` |
| **2** | **`2`** | **`9`** | **`True`** | **`2`** |
| **3** | **`3`** | **`8`** | **`True`** | **`3`** |
| **4** | **`4`** | **`7`** | **`True`** | **`4`** |
| **5** | **`5`** | **`6`** | **`True`** | **`5`** |
| **6** | **`6`** | **`5`** | **`False`** | `6 nó folamh` |

Ró go hiomlán ceart 2 mharc
nó
Ró le 2 mhír nó níos mó atá ceart 1 mharc

**(b)** **12 (3, 3, 3, 3) mharc**

**(i) €5**

Freagra ceart 3 mharc

**(ii) €3**

Freagra ceart 3 mharc

**(iii) €3**

Freagra ceart 3 mharc

**(iv) €2**

Freagra ceart 3 mharc

**(c)** **12 (6, 6) mharc**

**(i)** **6 mharc**

**Luchtaíonn Carranna 1 & 2 ar feadh 30 nóiméad - aga rite iomlán 30 nóiméad**
**Tagann Carr 2 amach agus téann Carr 3 isteach - aga rite iomlán 30 nóiméad**
**Tar éis 30 nóiméad tagann Carr 2 in áit Carr 1 - aga rite iomlán 60 nóiméad (Carr 1 iomlán)**
**Tar éis 30 nóiméad Carr 2 & Carr 3 iomlán - aga rite iomlán 90 nóiméad**
**Freagra: 1.5 uair (90 nóiméad)**

| | |
|---|---|
| Freagra ceart le hobair taispeánta | 6 mharc |
| Freagra ceart amháin | 4 mharc |
| Obair lena ngabhann fiúntas | 2 mharc |

**(ii)** **6 mharc**

- **Smaointeoireacht algartamach – Is é smaointeoireacht algartamach nuair a dhéanann tú machnamh ar an eolas uilig san fhadhb, leagann tú an plean amach le réiteach agus nuair a dhéanann tú iarracht an bealach is éifeachtaí leis an gcuspóir a bhaint amach a aimsiú.**
- **Caitear le miondealú, asbhaint, aithint patrún, ginearálú, smaointeoireacht loighciúil agus measúnú mar scileanna ríomh-smaointeoireachta.**

| | |
|---|---|
| Scil ríomh-smaointeoireachta bhailí ainmnithe | 2 mharc |
| Míniú maith – tuiscint shoiléir léirithe | 4 mharc |
| Míniú measartha - tuiscint theoranta | 2 mharc |

**Ceist 14** **38 (14, 12, 12) marc**

**(a)** **14 (6, 8) mharc**

**(i)** **6 (4, 2) mharc**

**Páirtithe leasmhara**

- **Samplaí de pháirtithe leasmhara: Rialtas na hÉireann, infheisteoirí tráchtála, foireann forbartha na hAipe, foireann/bainistíocht/bord RTÉ, daoine a úsáideann seirbhísí RTÉ, fógróirí, srl.**

Le gach páirtithe aitheanta 2 mharc (uas. 4 mharc)

**Úsáideoirí Deireanacha**

- **Daoine den phobal a shruthaíonn seirbhísí RTÉ ar líne nó a úsáideann an aip**
- **Is féidir glacadh le húsáideoirí deireanacha ábhartha eile fad is a tugadh míniú**

Úsáideoir deiridh sainaitheanta 2 mharc

**(ii)** **8 (4, 4) marc**

- **Ról 1: Tástálaí**
  **Cur síos 1: Tástálann sé/sí na bogearraí ag céimeanna éagsúla tríd an bpróiseas chun earráidí a lorg.**

- **Ról 2: Bainisteoir Tionscadail**
  **Cur síos 2: Déanann sé/sí cinnte go bhfuil fhios ag gach ball den fhoireann cad is gá dóibh a dhéanamh, déanann sé/sí cinnte go bhfuil gach rud ag dul in am chomh maith.**

  **Tá a lán ról / téarmaí eile i bhforbairt bogearraí cosúil le hÚinéir an Táirge, Anailísí an Ghnó, Anailísí an Chórais, Dearthóir, Réalóir/Ríomhchláraitheoir/Códóir. Glac le haon ról agus cur síos ábhartha.**

  **Nóta: Nuair a mheastar gur ionann dhá ról/ go bhfuil comhchiall acu, bronntar marcanna don fhreagra is fearr amháin. Bronntar a náid don fhreagra eile.**

Cuir marcanna i bhfeidhm i gcomhair gach (2) ról:

| | |
|---|---|
| Ról bailí sainaitheanta | 1 mharc |
| Cur síos maith – tuiscint shoiléir léirithe | 3 mharc |
| Cur síos measartha - tuiscint theoranta | 2 mharc |

**(b)** **12 (6, 6) mharc**

**(i)** **6 (3, 3) mharc**

- **Cruthaigh**
  - **Scríbhneoireacht an chóid chun an dearadh a chur i bhfeidhm**
  - **Tástáil leanúnach chun cinntiú go bhfuil an cód ag obair**
  - **Cruthú bunachair shonraí do shonraí a stóráil**
  - **Cruthú aon ghnéithe fisiciúla den tionscadal**
  - **Glac le haon tascanna bailí eile a tharlaíonn taobh istigh na céime cruthaithe.**

| | |
|---|---|
| Cur síos maith – tuiscint shoiléir léirithe | 3 mharc |
| Cur síos measartha - tuiscint theoranta | 2 mharc |

- **Taifead**
  - **Taifeadadh riachtanas an chórais do bhogearraí**
  - **Cruthú doiciméid na treorach d'úsáideoirí**
  - **Cruthú doiciméid chothabhála an úsáideora**
  - **Cruthú ceisteanna a fhiafraítear go minic**
  - **Glac le haon tascanna bailí eile a tharlaíonn taobh istigh na céime taifid.**

| | |
|---|---|
| Cur síos maith – tuiscint shoiléir léirithe | 3 mharc |
| Cur síos measartha - tuiscint theoranta | 2 mharc |

**(ii)** **6 (3, 3) mharc**

- **Solúbthacht – ciogail ghearra sprint-scrum**
- **Táirgtear na bogearraí go luath**
- **Forbraítear na bogearraí i gciogail ghasta**
- **Tógann gach leagan ar an seancheann**
- **Tástáiltear gach leagan go cuimsitheach sula n-eisítear é**
- **Maith do thionscadail bheaga, amíogaire**
- **Rannpháirtíocht an úsáideora tríd**
- **Níl ach píosa pleanála de dhíth le tosú**

| | |
|---|---|
| Gach (2) buntáiste bailí | 3 mharc |

**(c)** **12 (6, 6) mharc**

**(i)** **6 mharc**

- **Is é tástáil aonaid nuair a thástáiltear míreanna beaga/ar leith de chód ag an réalóir agus é á chruthú**
- **Is féidir tástálacha aonaid a dhéanamh ar fheidhmeanna / modúil de chód**

| | |
|---|---|
| Míniú an-mhaith – tuiscint shoiléir léirithe | 6 mharc |
| Míniú measartha - tuiscint theoranta | 4 mharc |

**(ii)** **6 (3, 3) mharc**

- **Buntáistí**
  - **Baineann fíor-úsáideoirí deireanacha triail as**
  - **Tástáilte ag an bpobal sula n-eisítear é**
  - **Feabhsaíonn aiseolas cáilíocht táirge**
  - **Deis chun earráidí/ fabhtanna/ fadhbanna a aimsiú sula n-eisítear é**
  - **Aon bhuntáiste bailí eile**

  Buntáiste bailí 3 mharc

- **Míbhuntáistí**
  - **Is féidir le húsáideoirí eolas faoi bhogearraí a scileadh sula n-eisítear é**
  - **Is féidir leis an bpróiseas a bheith fadálach, ag cur moille ar an eisiúint**
  - **D'fhéadfadh sé a bheith ina dhiomailt ama / airgid muna n-úsáideann na Béite-thástálaithe na bogearraí i gceart**
  - **Tá seans nach mbeidh na Béite-thástálaithe samplach de na fíor-úsáideoirí deireanacha**
  - **Aon mhíbhuntáiste bailí eile**

  Míbhuntáiste bailí 3 mharc

**Ceist 15** **38 (14, 12, 12) marc**

**(a)** **14 (10, 4) mharc**


**(i)** **10 (5, 5) marc**

- **Cuntais na n-úsáideoirí a chumrú le pasfhocail shábháilte**
- **Cuntais a bheith srianta ionas nach bhfuil na pribhléidí céanna ag gach úsáideoir**
- **Balla dóiteáin chun monatóireacht a dhéanamh ar na sonraí ar fad atá ag bogadh isteach agus amach as an líonra**
- **VPN a úsáid**
- **Go gcoinnítear an freastalaí i suíomh sábháilte**
- **Go bhfuil na sonraí ar fad suas chun dáta agus cúltacaithe**
- **Bogearraí frithvíris/ frithspiaire suiteáilte ar an líonra**
- **Polasaí an líonra bunaithe do gach úsáideoir**
- **Glac le haon bheart slándála ábhartha eile do líonra**

Gach (2) moladh bailí 5 mharc

**(ii)** **4 mharc**

Sampla




- **Oibríonn múnla cliaint/freastalaí ag freastalaithe 'ag éisteacht le haghaidh iarratas ó chliaint ar bhonn leanúnach. Agus iarratais á bhfáil próiseálann an freastalaí iad agus freagraíonn sé tríd an toradh a sheoladh ar ais chuig an gcliant i bhfoirm fhreagra.**

| | |
|---|---|
| Léaráid agus míniú soiléir | 4 mharc |
| Léaráid shoiléir den mhúnla cliaint/freastalaí gan mhíniú | 3 mharc |
| Míniú soiléir den mhúnla cliaint/freastalaí gan léaráid | 3 mharc |
| Roinnt faisnéise ábhartha, níl sé críochnaithe | 2 mharc |

**(b)** **12 (6, 6) mharc**

- **Buntáistí** **6 (3, 3) mharc**
  - **Is féidir le córas láraithe a bheith níos éifeachtúla**
  - **Níos gasta/ Níos lú ama caite ar theacht ar fhaisnéis**
  - **Níos lú airgid caite ar chlódóireacht agus postas**
  - **Níos éasca do shaoránaigh rochtain a fháil ar a bhfaisnéis agus é a uasdátú**
  - **Tá fáil níos éasca ar na seirbhísí maidir le soghluaisteacht agus/nó suíomh**
  - **Glac le haon phointe ábhartha eile**

  Gach (2) buntáiste bailí 3 mharc

- **Míbhuntáistí** **6 (3, 3) mharc**
  - **D'fhéadfadh an córas a bheith haiceáilte, agus na sonraí goidte**
  - **Má tá an t-idirlíon síos ní féidir an córas a úsáid**
  - **Deighilt dhigiteach - Tá daoine gan rochtain nó scileanna teicneolaíocht a úsáid faoi mhíbhuntáiste**
  - **Tá an iomarca faisnéise ag rialtais / smacht / sárú príobháide**
  - **D'fhéadfadh go gcaillfear poist le níos mó spleáchais ar theicneolaíocht**

  Gach (2) míbhuntáiste bailí 3 mharc

**(c)** **12 mharc**

Go gach buntáiste:
Ainm: 1 mharc
Míniúchán:
Míniú an-mhaith – tuiscint shoiléir léirithe 5 mharc
Míniú measartha - tuiscint theoranta 2 mharc

Do gach baol:
Ainm: 1 mharc
Míniúchán:
Míniú an-mhaith – tuiscint shoiléir léirithe 5 mharc
Míniú measartha - tuiscint theoranta 2 mharc

| Roinn C | Ríomhchlárúchán | 80 marc |
|---|---|---|

**Ceist 16** **80 marc**

**(a)** **50 (15, 10, 10, 5, 5, 5) marc**

Réiteach féideartha:

```
# Ceist 16(a)
# Scrúduimhir:
print("********************") #(ii)
print("Ríomhchlár iolrúcháin") #(i)
print("********************") #(ii)

number= int(input("Enter number: ")) #(iii)
if number< 0: #(iv)
    print("Ní thacaíonn an clár seo uimhreacha diúltacha")
else: #(iv)

    for i in range(13): #(v)
        print(i, "x", number, "=", number*i) #(vi)

```

**(i)** **15 mharc (scála B-15)**

| | |
|---|---|
| 15 mharc | **An freagra ceart**<br>Cur i bhfeidhm ceart ag úsáid an réitigh thuas nó réitigh chomhchosúil. |
| 10 mharc | **Beagnach an freagra ceart**<br>Cur i bhfeidhm ceart ag úsáid an réitigh thuas nó réitigh chomhchosúil ach le mionearráid chomhréire nó shéimeantach. |
| 5 mharc | **Freagra le roinnt tuillteanais**<br>Aon iarracht réasúnta eile. |

**(ii)** **10 mharc (Scála B-10)**

| | |
|---|---|
| 10 mharc | **An freagra ceart**<br>Sraith réiltíní curtha isteach i gceart sa dá shuíomh |
| 8 mharc | **Beagnach an freagra ceart**<br>Cur i bhfeidhm ceart ag úsáid an réitigh thuas nó réitigh chomhchosúil ach le mionearráid chomhréire nó shéimeantach. |
| 5 mharc | **Freagra le roinnt tuillteanais**<br>Aon iarracht réasúnta eile. |

**(iii)** **10 marc (scála C-10)**

| | |
|---|---|
| 10 marc | **An freagra ceart**<br>Cur i bhfeidhm ceart ag úsáid an réitigh thuas nó réitigh chomhchosúil.<br>Tabhair faoi deara nach gcaithfidh an athróg a bheith leasaithe go `int` i ráiteas an `ionchuir` le haghaidh na marcanna ar fad |
| 7 marc | **Beagnach an freagra ceart**<br>Cur i bhfeidhm ceart ag úsáid an réitigh thuas nó réitigh chomhchosúil ach le mionearráid chomhréire nó shéimeantach. |
| 5 marc | **Freagra thart ar leath-cheart**<br>Curtha i bhfeidhm ceart i bpáirt, ag baint úsáide as freagra thuas nó ceann atá cosúil leis, ach le hearráid chomhréire nó shéimeantach suntasacha. |
| 3 mharc | **Freagra le roinnt tuillteanais**<br>Aon iarracht réasúnta eile. |

**(iv)** **5 mharc (scála B-5)**

| | |
|---|---|
| 5 mharc | **An freagra ceart**<br>Cur i bhfeidhm ceart ag úsáid an réitigh thuas nó réitigh chomhchosúil. |
| 3 marc | **Beagnach an freagra ceart**<br>Cur i bhfeidhm ceart ag úsáid an réitigh thuas nó réitigh chomhchosúil ach le mionearráid chomhréire nó shéimeantach |
| 2 mharc | **Freagra le roinnt tuillteanais**<br>Aon iarracht réasúnta eile. |

**(v)** **5 mharc (scála A-5)**

| | |
|---|---|
| 5 mharc | **An freagra ceart**<br>Cur i bhfeidhm ceart ag úsáid an réitigh thuas nó réitigh chomhchosúil. |
| 2 mharc | **Freagra le roinnt tuillteanais**<br>Aon iarracht réasúnta eile. |

**(vi)** **<u>5</u> marc (scála B-5)**

| | |
|---|---|
| 5 marc | **An freagra ceart**<br>Cur i bhfeidhm ceart ag úsáid an réitigh thuas nó réitigh chomhchosúil. |
| 3 marc | **Beagnach an freagra ceart**<br>Cur i bhfeidhm beagnach ceart ag úsáid an réitigh thuas nó réitigh chomhchosúil ach le mionearráid chomhréire. |
| 2 mharc | **Freagra le roinnt tuillteanais**<br>Aon iarracht comhchaitéiniúchán teaghráin a dhéanamh, `formáid` feidhm nó a chomhchiall |

**(b)** **30 marc**

Réiteach féideartha:

```
# Ceist 16(b)
# Scrúduimhir:

# Taispeáin teachtaireacht fáilte
print("Fáilte go dtí an Córas Foláirimh Teochta")

# Iarr ar an úsáideoir an teocht a chur isteach
teocht = int(input("Cuir isteach luach teochta ina chéimeanna:"))

# Taispeáin teachtaireacht bunaithe ar luach na teochta
# Má tá an teocht níos lú nó 20 céim, tá an taispeántas ró-fhuar
if teocht <20:
   print("Ró-fhuar. Ardaigh an teas.")
# Nó má tá an teocht idir 20 agus 24 tá an taispeántas díreach i gceart
elif teocht>=20 and teocht <=24:
   print("Tá an teocht díreach i gceart.")
# Murach sin is gá don teocht a bheith níos airde ná 24 céim. Taispeántas ró-the.
else:
   print("Ró-the. Ísligh an teas.")
```

| | **Leibhéal ard bainte amach**<br>**Gach** ceann díobh seo a leanas curtha i bhfeidhm i gceart agus go héifeachtúil | **Leibhéal measartha bainte amach**<br>Iarracht réasúnta chun ar a laghad dhá cheann díobh seo a leanas a chur i bhfeidhm | **Leibhéal íseal bainte amach**<br>Droch-iarracht le haon cheann acu seo a leanas a chríochnú |
|---|---|---|---|
| **Caighdeáin Ríomhchlárúcháin (5 mharc)** | • Ritheann an clár i gceart gan aon earráidí comhréire nó earráidí le linn rite<br>• Comhlíonann an clár riachtanais<br>• Leagan amach cláir mínithe go cuimsitheach le nótaí tráchta<br>• Ainmneacha fónta na n-athróg/na bhfeidhmeanna<br>(5 mharc) | • Ritheann an clár i gceart gan aon earráidí comhréire nó earráidí le linn rite<br>• Comhlíonann an clár riachtanais<br>• Leagan amach cláir mínithe go cuimsitheach le nótaí tráchta<br>• Ainmneacha fónta na n-athróg/na bhfeidhmeanna<br>(4 mharc) | • Ritheann an clár i gceart gan aon earráidí comhréire nó earráidí le linn rite<br>• Comhlíonann an clár riachtanais<br>• Leagan amach cláir mínithe go cuimsitheach le nótaí tráchta<br>• Ainmneacha fónta na n-athróg/na bhfeidhmeanna<br>(3 mharc) |
| **Ionchuir an Chláir (5 mharc)** | • Iarradh ar an úsáideoir i gceart luach teochta a chur isteach ina chéimeanna Celsius.<br>• Luach na teochta coinbhéartaithe go slánuimhir<br>• Túsú athraitheach agus úsáid ráitis na sannachán<br>(5 mharc) | • Iarradh ar an úsáideoir i gceart luach teochta a chur isteach ina chéimeanna Celsius.<br>• Luach na teochta coinbhéartaithe go slánuimhir<br>• Túsú athraitheach agus úsáid ráitis na sannachán<br>(4 mharc) | • Iarradh ar an úsáideoir i gceart luach teochta a chur isteach ina chéimeanna Celsius.<br>• Luach na teochta coinbhéartaithe go slánuimhir<br>• Túsú athraitheach agus úsáid ráitis na sannachán<br>(3 mharc) |
| **Loighic an Chláir (Próiseáil)**<br><br>**(10 mharc)** | • Loighic Choinníollach<br>• Úsáid oibritheoirí coibhneasta/Boole<br>(10 mharc) | • Loighic Choinníollach<br>• Úsáid oibritheoirí coibhneasta/Boole<br>(7 marc) | • Loighic Choinníollach<br>• Úsáid oibritheoirí coibhneasta/Boole<br>(5 mharc) |
| **Aschuir an Chláir (10 mharc)** | • Teachtaireacht fáilte tosaigh<br>• Teachtaireacht ionchuir 1: *Rófhuar. Ardaigh an teas*<br>• Teachtaireacht ionchuir 2: *An teocht díreach mar is ceart*<br>• Teachtaireacht ionchuir 3: *Róthe. Ísligh an teas*<br>(10 mharc) | • Teachtaireacht fáilte tosaigh<br>• Teachtaireacht ionchuir 1: *Rófhuar. Ardaigh an teas*<br>• Teachtaireacht ionchuir 2: *An teocht díreach mar is ceart*<br>• Teachtaireacht ionchuir 3: *Róthe. Ísligh an teas*<br>(7 mharc) | • Teachtaireacht fáilte tosaigh<br>• Teachtaireacht ionchuir 1: *Rófhuar. Ardaigh an teas*<br>• Teachtaireacht ionchuir 2: *An teocht díreach mar is ceart*<br>• Teachtaireacht ionchuir 3: *Róthe. Ísligh an teas*<br>(5 mharc) |

| *Obair Chúrsa (90 marc san iomlán)* | |
|---|---|
| **1. Ag Comhlíonadh na Treorach** | ***Marcanna*** |
| • Ag comhlíonadh bunriachtanais na treorach.<br>• Ag comhlíonadh ardriachtanais na treorach. | **27** |
| **2. Imscrúdú agus Plean** | |
| • Taighde ar chomhthéacs na treorach, na réitigh reatha agus smaointe tosaigh ar do thionscadal féin.<br>• Cur síos mionsonraithe ar an tionscadal roghnaithe agus na cuspóirí. | **14** |
| **3. Dearadh** | |
| • Cur síos soiléir, mionsonraithe ar conas a fhorbrófar an tionscadal.<br>• Léaráid sreabhchairte chun taispeáint conas a oibreoidh an tionscadal.<br>• Cur síos ar conas a chuirfear asbhaint agus samhaltú i bhfeidhm. | **14** |
| **4. Cur i bhFeidhm:** | |
| • Achoimre ar gharspriocanna tábhachtacha an phróisis forbartha.<br>• Mínigh fadhb a bhí ann i bhforbairt an tionscadail agus conas a sáraíodh é.<br>• Míniú ar phíosa cóid nó algartaim a bhí tábhachtach i bhforbairt an tionscadail. | **14** |
| **5. Tástáil** | |
| • Achoimre ar thástáil a rinneadh.<br>• Tábla an cháis tástála mionsonraithe. | **11** |
| **6. Measúnú** | |
| • Measúnú ar do thionscadal bunaithe ar do dhearadh tosaigh agus cuspóirí do thionscadal.<br>• Mol conas a fheabhsófá níos mó an tionscadal seo/cad a dhéanfá arís. | **10** |
| **Tagairtí agus Achoimre ar an líon focal** | |
| • Tá ort tagairtí agus/nó leabharliosta a chur san áireamh.<br>• Cuir achoimre san áireamh ar líon focal na tuairisce, líon focal iomlán san áireamh. | **0** |

| Ardghrád | Gnáthghrád | Marc Tagartha | Marc an Ardleibhéil | Marc an Ghnáthleibhéil |
|---|---|---|---|---|
| 1 | | 81 – 90 | 81 – 90 | 90 |
| 2 | | 72 – 80 | 72 – 80 | 90 |
| 3 | | 63 – 71 | 63 – 71 | 90 |
| 4 | | 54 – 62 | 54 – 62 | 90 |
| 5 | 1 | 45 – 53 | 45 – 53 | 81 – 90 |
| 6 | 2 | 36 – 44 | 36 – 44 | 72 – 80 |
| 7 | 3 | 27 – 35 | 27 – 35 | 63 – 71 |
| 8 | 4 | 23 – 26 | 23 – 26 | 54 – 62 |
| | 5 | 18 – 22 | 18 – 22 | 45 – 53 |
| | 6 | 14 – 17 | 14 – 17 | 36 – 44 |
| | 7 | 9 – 13 | 9 – 13 | 27 – 35 |
| | 8 | 0 – 8 | 0 – 8 | 0 - 26 |

**OBAIR CHÚRSA – coinbhéartú ón marc tagartha go dtí marc an Ghnáthleibhéil**

Maidir le hiarrthóirí Gnáthleibhéal, faightear an marc deiridh ón marc tagartha mar seo a leanas:

- Más é 54 nó níos mó an marc tagartha is é 90 an marc deiridh.
- Más é 27 ar a laghad é an marc tagartha ach níos lú ná 54, ansin cuir 36 leis an marc tagartha chun an marc deiridh a fháil.
- Más é 1 ar a laghad é an marc tagartha ach níos lú ná 27, ansin dúbáil an marc tagartha agus cuir 9 leis chun an marc deiridh a fháil.
- Más é 0 an marc tagartha is é 0 an marc deiridh

| Marc Tagartha | Coinbhéartú |
|---|---|
| 54 nó níos mó | Tabhair 90 mharc |
| 27 – 53 | Cuir 36 mharc leis |
| 1 - 26 | Iolraigh an marc tagartha faoi 2 agus cuir 9 marc leis |
| 0 | 0 |